Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Samhain 2020**
**(OR. en)**

**13004/20**

**COMPET 564**
**IND 213**
**MI 499**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 16 Samhain 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12756/20 |
| Ábhar: | Téarnamh lena gcuirtear chun cinn an t-aistriú go tionscal Eorpach níos dinimiciúla, níos athléimní agus níos iomaíche<br>Conclúidí ón gComhairle (an 16 Samhain 2020) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le "Téarnamh lena gcuirtear chun cinn an t-aistriú go tionscal Eorpach níos dinimiciúla, níos athléimní agus níos iomaíche" a glacadh tríd an nós imeachta i scríbhinn an 16 Samhain 2020.

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE**

## "Téarnamh lena gcuirtear chun cinn an t-aistriú go tionscal Eorpach níos dinimiciúla, níos athléimní agus níos iomaíche"

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS,

Á MHEABHRÚ DI an Ráiteas Comhpháirteach[1] ó na hAirí i mí an Mheithimh 2020, na Conclúidí ón gComhairle i mí na Samhna 2018[2] agus mí na Bealtaine 2019[3] agus na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an nGeilleagar Ciorclach an 4 Deireadh Fómhair 2019, chomh maith leis na Conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí an Mhárta 2019[4] agus mí Dheireadh Fómhair 2020[5], inar leagadh béim ar ról tábhachtach an tionscail i bpróisis an chlaochlaithe chóir, ghlais agus dhigitigh agus a phríomhthábhacht maidir le rathúnas agus iomaíochas na hEorpa; agus

Á MHEABHRÚ DI na Teachtaireachtaí ón gCoimisiún maidir leis an méid seo a leanas:

– 'an Comhaontú Glas don Eoraip'; 'an Plean maidir le Sprioc Aeráide 2030'; 'an Plean Gníomhaíochta Nua don Gheilleagar Ciorclach'; 'Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais'; 'an Straitéis Bhithgheilleagair nuashonraithe'; 'an straitéis hidrigine'; 'Straitéis an Aontais maidir le Comhtháthú Córas Fuinnimh'[6]

– 'an Straitéis Dhigiteach don Eoraip'; 'an Straitéis Eorpach maidir le sonraí'; 'an Páipéar Bán maidir leis an Intleacht Shaorga';[7]

[1] Preaseisiúint 385/20
[2] 14832/18
[3] 9743/19
[4] EUCO 1/19
[5] EUCO 13/20
[6] 15051/19, 10865/20, 6766/20, 8219/20, 13229/18, 9390/20 agus 9389/20
[7] 6237/20, 6250/20 agus 6266/20

– 'an Straitéis Eorpach Nua maidir le tionsclaíocht'; 'Straitéis FBM'; 'Bacainní ar an Margadh Aonair a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu'; an 'Plean gníomhaíochta fadtéarmach chun rialacha an mhargaidh aonair a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr'; an 'Páipéar Bán maidir le cothrom na Féinne a thabhairt i gcrích i ndáil le fóirdheontais eachtracha'; 'Athléimneacht Amhábhar Criticiúil'; 'Clár Oibre Nua Scileanna don Eoraip', 'LTE nua don Taighde agus don Nuálaíocht', Tuarascáil Réamhamhairc Straitéisigh 2020;[8] agus maidir le

– 'Uain na hEorpa: Deisiú agus ullmhú don chéad ghlúin eile' agus an Straitéis Bhliantúil maidir le Fás Inbhuanaithe 2021 agus an Treoir do na Ballstáit atá i gceangal léi maidir leis na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta lena n-áirítear an dréacht-theimpléad[9];

**I gcomhar le chéile ar mhaithe le téarnamh na hEorpa**

1. AITHNÍONN SÍ an staid nach bhfacthas riamh cheana a bhaineann le paindéim dhomhanda COVID-19 a bhfuil tionchar aici ar shaol agus ar shlite beatha ar fud mhór-roinn na hEorpa agus ar fud an domhain; ADMHAÍONN SÍ go bhfuil roimh chuid den tionscal Eorpach - go háirithe a cuid FBManna, fiontraithe agus oibrithe - deacrachtaí eacnamaíocha, éiginnteacht agus dúshláin chun a gcuid gnólachtaí a choimeád sa siúl agus ; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil dlúthpháirtíocht Eorpach riachtanach chun smacht a fháil go comhpháirteach ar théarnamh eacnamaíoch tapa, inbhuanaithe agus cuimsitheach agus ar thodhchaí inbhuanaithe fhadtéarmach, go háirithe laistigh de na tionscail ar measa a bhuail paindéim COVID-19 iad, amhail an turasóireacht;

[8] 6782/20, 6783/20, 6779/20, 6778/20, 8980/20, 10435/20, 8136/20, 11400/20 agus 10648/20
[9] 8136/20, 10887/20, 10889/20 agus 10889/20 ADD1

2. CUIREANN SÍ I dTREIS gur deis atá sa dúshlán sin leas a bhaint as na hiarrachtaí téarnaimh chun an tionscal Eorpach, agus go háirithe na FBManna lena n-áirítear micrifhiontair, a dhéanamh níos iomaíche agus níos athléimní, agus sa tslí sin cur le hiomaíochas fadtéarmach an Aontais tríd an aistriú glas digiteach a ghabháil orthu féin, i gcomhréir le Comhaontú Pháras[10] agus le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Chlár Oibre 2030; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur cheart an t-aistriú sin agus téarnamh eacnamaíoch an Aontais a bheith cóir agus tógtha ar phrionsabail an iomaíochais, ar lánpháirtiú an Mhargaidh Aonair, ar inbhuanaitheacht, comhtháthú, cuimsitheacht, ciorclaíocht, cosaint an chomhshaoil, dlúthpháirtíocht agus gur cheart dóibh caighdeáin shóisialta a urramú; CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá comhleanúnachas agus comhordú beartais le cur chuige il-leibhéil lena gcumhdaítear leibhéal an Aontais, an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal réigiúnach agus lena n-urramaítear an choimhdeacht sna réimsí beartais ábhartha uile chun tacú leis an earnáil tionsclaíochta agus í a chumhachtú ar an mbealach is fearr is féidir;

3. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur príomhchuspóir de chuid an Aontais[11] é uathriail straitéiseach a bhaint amach agus geilleagar oscailte á chaomhnú chun a chonair eacnamaíoch agus a leasanna féin a chinneadh; MEABHRAÍTEAR DI go n-áirítear leis sin spleáchais straitéiseacha a shainaithint agus a laghdú agus athléimneacht a mhéadú sna héiceachórais thionsclaíocha is íogaire agus i réimsí sonracha, amhail an tsláinte, an tionscal cosanta, an spás, an earnáil dhigiteach, fuinneamh agus amhábhair chriticiúla; CUIREANN SÍ I dTREIS go bhféadtar a áireamh ansin slabhraí táirgeachta agus soláthair a éagsúlú, stoc-charnadh straitéiseach a áirithiú, infheistíochtaí agus táirgeacht san Eoraip a chothú agus a mhealladh, réitigh mhalartacha agus samhlacha ciorclacha a iniúchadh, agus comhar tionsclaíoch leathan ar fud na mBallstát a chur chun cinn;

4. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart don Aontas beartas tionsclaíoch Eorpach uaillmhianach agus teanntásach a shaothrú chun timpeallacht ghnó atá inbhuanaithe, tarraingteach agus iomaíoch a chruthú; CREIDEANN SÍ go láidir nach mór éifeachtaí eacnamaíocha ghéarchéim COVID-19 agus an iomaíocht idirnáisiúnta mhéadaitheach a fhreagairt le comhar agus comhtháthú Eorpach atá treisithe agus níos láidre i Margadh Aonair neartaithe; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhféadfadh sé sin a bheith ina cheann feadhna chun leibhéal níos airde 'breisluach Eorpach', éifeachtúlachta acmhainní agus ciorclaíochta a bhaint amach agus chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na héifeachtaí iarmharta a d'fhéadfadh teacht as comhar neartaithe i líonraí gnólachtaí idirnasctha ar fud an Aontais;

[10] 12256/16
[11] EUCO 13/20

5. CUIREANN SÍ I dTREIS gur réamhriachtanais iad an cheannaireacht theicneolaíoch – atá bunaithe ar thaighde, aistriú eolais agus nuálaíocht –, speisialtóireacht chliste, inbhuaine, slabhraí luacha Eorpacha neartaithe agus slándáil an tsoláthair amhábhar san Eoraip i gcomhair leibhéal níos fearr athléimneachta sa tionscal Eorpach agus cuidíonn siad uile chun geilleagar oscailte an Aontais a threisiú, mar aon lena uathriail straitéiseach agus a iomaíochas amach anseo;

6. IS DÍOL MÓR SÁSAIMH DI an "Comhaontú Glas don Eoraip", an "Straitéis Dhigiteach Eorpach" agus an "Straitéis Thionsclaíoch Nua" mar phríomhthreonna beartais do na deacáidí amach romhainn; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil deis ann athrú struchtúrach fadtéarmach a dhéanamh lena réiteofar an bealach leis an tionscal Eorpach a dhéanamh níos inbhuanaithe, níos iomaíche ar fud an domhain agus níos athléimní; CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus colúin eile den *Next Generation EU* agus den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil nua chun téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta ó phaindéim COVID-19 a neartú trí infheistíochtaí gearrthéarmacha agus meántéarmacha a bhfuil gnéithe eisceachtúla acu a chomhcheangal leis na hathchóirithe riachtanacha;

7. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuiltear ag díriú ar an "Straitéis Thionsclaíoch Nua" leis an éiceachóras tionsclaíoch, rud atá tábhachtach chun breis comhair thionsclaíoch agus theicneolaíoch a éascú ar fud na mBallstát agus na réigiún toisc go mbíonn cur chuige trasearnálach níos iomlánaíche i leith slabhraí luacha ann de thoradh a mbunaithe fhoriomláin; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá chuige sin comhordú éifeachtach, éifeachtúil agus cuimsitheach chun na sineirgí trasearnálacha sin a ghiniúint agus gníomhaíochtaí comhoibríocha comhpháirteacha a spreagadh leis an earnáil tionsclaíochta agus le haghaidh na hearnála tionsclaíochta, go háirithe maidir leis na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme chomh maith le straitéisí um speisialtóireacht chliste, misin agus comhpháirtíochtaí Fís Eorpach agus treochláir teicneolaíochta tionsclaíche laistigh den Limistéar Eorpach Taighde agus tionscnaimh chomhpháirteacha braisle faoi Chlár an Mhargaidh Aonair agus cláir eile chun comhar a chothú ar fud na n-éiceachóras tionsclaíoch agus chun cistiú a thairiscint agus a dhíriú go héifeachtach ar FBManna;

8. CUIREANN SÍ I dTREIS an gá atá le luas agus solúbthacht agus an Straitéis Thionsclaíoch Nua, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta atá ar na bacáin agus an chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile á gcur chun feidhme; CUIREANN SÍ I bhFIOS go láidir i ndáil leis sin, a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh rochtain ag gach fiontar, go háirithe FBManna, ar mhargaí, slabhraí luacha, comhpháirtíochtaí straitéiseacha, eolas, teicneolaíochtaí ardfhorbartha glana, nuálaíocht, airgeadas agus comhthionscadail;

**Rath trí chreatdálaí a chumasú**

9. CUIREANN SÍ I dTREIS an tábhacht mhór atá ag baint leis na creatdálaí cearta gnó a shocrú agus an gá atá le rialacha soiléire, comhsheasmhacha atá oiriúnach don fheidhm a bheith ann ar gach leibhéal;

10. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá Margadh Aonair doimhnithe, neartaithe atá ag feidhmiú go hiomlán, lena n-áirítear in earnáil na seirbhísí, mar cheann de phríomhchumasóirí agus réamhriachtanais rath na tionscail Eorpaigh, lena n-éascófar gníomhaíocht eacnamaíoch uile-Eorpach, lena gcoiscfear agus lena mbainfear an t-ualach rialála neamhriachtanach agus lena dtacófar leis an digitiú – mar a leagtar amach sna conclúidí uaithi maidir le 'Margadh Aonair arna dhoimhniú ar mhaithe le téarnamh láidir agus Eoraip iomaíoch, inbhuanaithe' ó mhí Mheán Fómhair 2020[12]; CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil sé tábhachtach go mbeidh na hearraí agus na seirbhísí a chuirtear ar fáil ar an Margadh Aonair i gcomhréir le rialacha agus caighdeáin Eorpacha ar mhaithe le hiomaíochas agus iomaíocht chothrom an Aontais a áirithiú agus le muinín thomhaltóirí na hEorpa a fheabhsú;

11. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá córas Eorpach um chaighdeánú, córas a bheidh dea-fheidhmiúil, mar bhonn chun tacú le cuspóirí cheannaireacht theicneolaíoch na hEorpa, go háirithe maidir leis an aistriú glas agus digiteach; CUIREANN SÍ I dTREIS gur ábhar spreagtha iad caighdeáin chomhchuibhithe don iomaíochas, don nuálaíocht agus do shábháilteacht an tomhaltóra, ar cheart dóibh an ghné idirnáisiúnta a chur san áireamh, agus is léir go raibh siad an-luachmhar le linn ghéarchéim COVID-19, le haghaidh trealamh leighis mar shampla;

---

[12] 10698/20

12. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR á thábhachtaí atá sé cothrom na Féinne a bheith ann do ghnólachtaí Eorpacha chun dul san iomaíocht sa mhargadh inmheánach agus go hidirnáisiúnta i slabhraí luacha domhanda; CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé an obair leantach ar an bPáipéar Bán maidir le fóirdheontais eachtracha a phlé agus an creat iomaíochta a nuashonrú, treoirlínte maidir le státchabhair san áireamh, chun a áirithiú, i measc nithe eile, go rachaidh sé i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le haistriú glas agus digiteach, agus leis an gcomhthéacs domhanda atá ag síorathrú ó lá go lá; LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le creat rialála a chur ar fáil atá ardfhorbartha, soiléir, comhréireach agus oiriúnach don fheidhm; TÁ SÍ AG TNÚTH leis an toradh a bheidh ar athbhreithniú leanúnach an Choimisiúin ar rialacha iomaíochta;

13. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS á thábhachtaí atá beartas trádála uaillmhianach, riailbhunaithe, oscailte, cothrom agus inbhuanaithe agus a thábhachtaí atá forfheidhmiú éifeachtach an bheartais sin; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá le rochtain chómhalartach ar mhargaí soláthair phoiblí i dtríú tíortha; CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá cur chuige le haghaidh praghsáil inacmhainne fuinnimh agus Córas Trádála Astaíochtaí atá i gcomhréir le huaillmhian aeráide an Aontais, agus ag an am céanna sceitheadh carbóin a chosc agus ionstraimí éifeachtacha, comhlántacha atá comhlíontach ó thaobh EDT a fhorbairt, amhail sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha; IS DÍOL SÁSAIMH DI an fógra ón gCoimisiún maidir le measúnú tionchair agus TÁ SÍ AG TNÚTH le hanailís earnála lena gcuirfear gnéithe iomaíochais agus iomaíochta agus tionchar ar leibhéal na mBallstát san áireamh;

14. CUIREANN SÍ IN IÚL gur riachtanach bonneagar sonraí agus líonraí cumarsáide ar thús cadhnaíochta atá sábháilte athléimneacha agus idir-inoibritheacha a bhunú ina ndéantar caighdeáin Eorpacha sábháilteachta, slándála agus cosanta sonraí a ionchorprú agus nach mbeidh faoi réir dlíthe dlínsí eachtracha ach amháin má tá coimircí fíoraithe i bhfeidhm chun a áirithiú go gcomhlíonfar dlí na hEorpa i ndáil le hiarrataí rochtana ar shonraí; IS DÍOL SÁSAIMH DI gur moladh spásanna coiteanna Eorpacha sonraí a chruthú in earnálacha straitéiseacha agus i réimsí leasa phoiblí mar a chuirtear i láthair sa straitéis Eorpach maidir le sonraí; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur ríthábhachtach iad rialacha agus caighdeáin shoiléire chun malartú sonraí tionsclaíocha a eagrú ar bhonn deonach; CUIREANN SÍ I dTREIS na feidhmeanna tionsclaíocha a d'fhéadfadh a bheith ag na teicneolaíochtaí, amhail 5G, ríomhaireacht ardfheidhmíochta, blocshlabhra, tionsclaíocht 4.0, teicneolaíochtaí spáis, cianbhraiteacht, comhroinnt sonraí agus an intleacht shaorga; agus AG AITHINT DI ag an am céanna ról lárnach na dteicneolaíochtaí digiteacha mar fhoinse réiteach glan agus inbhuanaithe chun an lorg foriomlán agus a lorg féin ar an gcomhshaol a laghdú;

15. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá uas-sciliú, athsciliú, oiliúint agus infhostaitheacht oibrithe mar bhunús le haghaidh tionscal Eorpach rathúil agus chun aistriú cóir a éascú; MOLANN SÍ infheistíochtaí breise i ndáil leis sin chun go mbeidh an earnáil tionsclaíochta iomaíoch i gcónaí, dá bhrí sin IS DÍOL SÁSAIMH DI an Clár Oibre Nua Scileanna don Eoraip[13] agus an fógra maidir le Comhshocrú Scileanna in éiceachórais straitéiseacha tionsclaíochta;

16. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór slándáil an tsoláthair amhábhar, agus rochtain ar na hamhábhair sin, agus ar mhargadh aonair d'amhábhair thánaisteacha a fheabhsú, go háirithe amhábhair chriticiúla, ag cloí le caighdeáin chomhchoiteanna, lena n-áirítear tríd an bplean gníomhaíochta maidir le hamhábhair chriticiúla a chur chun feidhme; CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór sin a dhéanamh mar aon le caighdeáin shoiléire de chuid an Aontais a leagan síos i gcomhréir lenár luachanna, lena n-áirítear trí dhícheall cuí a dhéanamh maidir le slabhraí soláthair do thionscail eastóscacha, roghanna nuálacha a aimsiú ar spleáchais chriticiúla agus infheistíochtaí iomchuí a aimsiú in éifeachtúlacht acmhainní, lena n-áirítear eastóscadh éifeachtúil agus inbhuanaithe, claochlú, agus teicneolaíochtaí agus réitigh don gheilleagar ciorclach a bhrú chun cinn mar mhodh chun borradh a chur faoi iomaíochas agus athléimneacht thionsclaíoch an tionscail Eorpaigh;

**Infheistíochtaí don téarnamh, infheistíochtaí don todhchaí**

17. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór infheistíochtaí príobháideacha agus poiblí a bheith comhionann le scála na géarchéime eacnamaíche reatha arb é COVID-19 is cúis leis agus nach mór iad a dhéanamh in am trátha chun cumhacht a thabhairt don tionscal Eorpach ionas go mbeidh sé ina inneall tábhachtach don téarnamh eacnamaíoch, don rathúnas, don fhás inbhuanaithe agus chun poist a chruthú; ADMHAÍONN SÍ gur cheart cistí de chuid an Aontais a leithdháileadh i gcomhréir leis an rialachán atá le teacht lena mbunófar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus IS DÍOL SÁSAIMH DI an cinneadh ón gComhairle sciartha suntasacha a chur ar fáil don Comhaontú Glas don Eoraip agus do chuspóirí an chlaochlaithe dhigitigh; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór sineirgí a neartú a thuilleadh idir cistí an Aontais agus cistí náisiúnta i ndáil le príomhthionscadail theicneolaíocha; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS nach mór sainiúlachtaí náisiúnta agus timpeallachtaí tionsclaíocha agus an chomhréireacht a chur san áireamh go hiomlán agus cur i bhfeidhm "cur chuige amháin a oireann do chách" a sheachaint;

[13] 9349/20

18. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil sé de chúram fadtéarmach ag beartas tionsclaíoch na hEorpa infheistíocht a dhreasú go príomha ón earnáil phríobháideach, agus infheistíocht fhorlíontach ón earnáil phoiblí a dhreasú freisin, sa tionsclaíocht, é sin agus comhar na tionsclaíochta agus an taighde a chothú chun cabhrú leis an earnáil tionsclaíochta na deiseanna ón aistriú glas agus digiteach a thapú agus táirgiúlacht a mhéadú; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur cheart aghaidh a thabhairt ar na riachtanais infheistíochta ar bhealach leordhóthanach chun go mbeidh an tAontas in ann a bheith níos athléimní, níos iomaíche, níos digití agus níos inbhuanaithe, agus spriocanna 2030 agus 2050 i dtreo na haeráidneodrachta a bhaint amach; CUIREANN SÍ I bhFIOS go háirithe a thábhachtaí atá sé iomaíochas an Aontais amach anseo, agus dá thairbhe sin an teacht aniar, a ullmhú trí infheistíocht a dhéanamh in éiceachórais thionsclaíocha, slabhraí luacha, amhábhair agus teicneolaíochtaí atá ríthábhachtach do na haistrithe atá romhainn agus a chuireann le cuspóir an Aontais uathriail straitéiseach a bhaint amach agus geilleagar oscailte á chaomhnú ag an am céanna;

**Iomaíochas agus fás inbhuanaithe a neartú trí cheannaireacht theicneolaíoch**

19. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá na slabhraí luacha straitéiseacha agus na príomhtheicneolaíochtaí cumasúcháin don tionscal Eorpach agus a bhfeidhmiú sin in aimsir na géarchéime a chinntiú; AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé dlús a chur le scaipeadh teicneolaíochta, in FBManna go háirithe, agus cearta maoine intleachtúla Eorpacha a chosaint;

20. AITHNÍONN SÍ an obair a rinne an Fóram Straitéiseach le haghaidh tionscadail thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne (IPCEInna) chun slabhraí luacha straitéiseacha a shainaithint a bheidh le leanúint mar réimsí ina bhféadfadh comhar uile-Eorpach a dhéanamh; TÁ SÍ AG FEITHEAMH le seoladh an Fhóraim Tionsclaíochta nua dá bhforáiltear sa "Straitéis Thionsclaíoch Nua" agus is díol spéise di é;

21. TACAÍONN SÍ leis na comhghuaillíochtaí tionsclaíocha i réimse na gcadhnraí, na hidrigine glaine, na n-amhábhar agus na bplaisteach ciorclach; MOLANN SÍ tuilleadh comhghuaillíochtaí tionsclaíocha a bhunú i réimsí straitéiseacha mar féadfaidh siad a bheith ina n-uirlis éifeachtach chun riachtanais theicneolaíocha, nuálaíocht, deiseanna infheistíochta agus bacainn rialála a shainaithint agus chun borradh a chur faoi thionscadail mhórscála a bhfuil éifeachtaí dearfacha iarmharta acu ar fud na hEorpa; agus TÁ SÍ AG TNÚTH le seoladh comhghuaillíochtaí nua a d'fhéadfadh dlús a chur leis an aistriú glas agus digiteach, amhail i dtionscail ísealcharbóin, fuinneamh inathnuaite, sonraí tionscail agus néalríomhaireacht, líonraí teileachumarsáide slána agus micrileictreonaic;

22. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil IPCEInna ar cheann de na huirlisí ábhartha chun aghaidh a thabhairt ar chlistí margaidh agus chun tacú le príomhtheicneolaíochtaí nuálacha agus le slabhraí luacha straitéiseacha; ADMHAÍONN SÍ an dul chun cinn atá déanta maidir le IPCEInna go dtí seo agus an tionchar dearfach a bhíonn acu, maidir le micrileictreonaic agus ceallraí mar shampla; ADMHAÍONN SÍ an méid a d'fhéadfaí a dhéanamh de bharr IPCEInna agus na n-éifeachtaí iarmharta dearfacha a d'fhéadfadh a bheith acu maidir le fás inbhuanaithe agus iomaíochas gheilleagar na hEorpa, go háirithe chun dul chun cinn a dhéanamh san aistriú glas agus digiteach chomh maith leis an gceannaireacht theicneolaíoch agus an athléimneacht a neartú; MEABHRAÍTEAR DI gur iarradh sna conclúidí ón gComhairle Eorpach cuidiú leis an gCoimisiún le IPCEInna nua a chruthú agus MOLANN SÍ cur leis an gcomhar arna thionscnamh idir na Ballstáit agus obair a rinne an Fóram Straitéiseach a bhí ann roimhe seo; CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR go bhféadfadh IPCEInna a bheith ina gcuidiú chun nuálaíocht cheannródaíoch a chumasú agus chun aghaidh a thabhairt ar spleáchais na bpríomhthionscal Eorpach, amhail i réimsí na micrileictreonaice agus na hidrigine glaine; IS FADA LÉI go ndéanfar athbhreithniú ar an Teachtaireacht maidir le IPCEI;

23. CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé go mbeidh na próisis lena gcuirfear IPCEInna agus comhghuaillíochtaí tionsclaíocha ar bun agus chun feidhme éifeachtach, trédhearcach, cothrom agus go gcuimseofar na Ballstáit uile agus na cineálacha geallsealbhóirí uile iontu, lena n-áirítear FBManna; TACAÍONN SÍ le soláthar trédhearcach faisnéise ábhartha faoi IPCEInna atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo agus faoi chomhghuaillíochtaí tionsclaíocha mar a dhéantar i gcás Comhghuaillíocht Eorpach nua Hidrigine Glaine mar shampla;

**Tionscail dianfhuinnimh -an Eoraip inné, inniu agus amárach - #cleanindustry**

24. CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR an ról lárnach atá ag tionscail dianfhuinnimh chun spriocanna 2030 agus 2050 a bhaint amach i dtreo aeráidneodrachta san Aontas; CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR gur gá athléimneacht shlabhra soláthair na dtionscal sin san Eoraip a neartú; LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá rochtain straitéiseach agus éagsúlaithe ar amhábhair, agus a thábhachtaí atá sé éifeachtúlacht acmhainní a fheabhsú a thuilleadh, agus slándáil an tsoláthair d'acmhainní fuinnimh a áirithiú; ADMHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé go mbeadh aistriú cóir fuinnimh ann don téarnamh eacnamaíoch;

25. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá gníomhaíochtaí cuimsitheacha a bheith ag gabháil leis an bpróiseas claochlaithe lena dtabharfar tacaíocht leis an bpróiseas sin, próiseas a neartóidh iomaíochas agus a iompóidh tionscail dianfhuinnimh na hEorpa ina dtionscail cheannródaíocha dhomhanda i dteicneolaíochtaí glana ísealcharbóin agus ar an margadh domhanda agus a áirithiú ag an am céanna cothrom na Féinne a áirithiú maidir le hardleibhéal cosanta comhshaoil, cosaint ar fhostaíocht, caighdeáin shóisialta, cearta maoine intleachtúla a chosaint, rochtain chómhalartach ar mhargaí soláthair phoiblí i dtríú tíortha, sábháilteacht earraí agus iomaíocht agus sceitheadh carbóin a chosc; i ndáil leis sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI an máistirphlean le haghaidh claochlú iomaíoch thionscail dianfhuinnimh an Aontais Eorpaigh le go mbeifear in ann geilleagar aeráidneodrach ciorclach a bhaint amach faoi 2050; AITHNÍONN SÍ rannchuidiú chistí an Aontais chun tacú leis an bpróiseas claochlaithe agus IS DÍOL SÁSAIMH DI sa chomhthéacs sin an straitéis hidrigine d'Eoraip aeráidneodrach;

**Gníomhaíocht chomhpháirteach maidir le haistriú agus téarnamh pras sa tionscal Eorpach**

26. IARRANN SÍ ar na Ballstáit a bheith ina gceann feadhna ar aistriú agus téarnamh pras trí chomhinfheistíocht a dhéanamh agus an acmhainneacht a bhaineann le páirt a ghlacadh sa chomhar Eorpach i slabhraí luacha straitéiseacha agus i bpríomhtheicneolaíochtaí a scaoileadh, bíodh sin trí IPCEInna, comhghuaillíochtaí tionsclaíocha, comhpháirtíochtaí Eorpacha, comhar do bhraislí nó infheistíochtaí nuálaíochta idir-réigiúnacha, lena n-áirítear trí aird leordhóthanach a thabhairt ar shainiúlachtaí FBManna agus cuideachtaí nuathionscanta agus iad a chomhtháthú ar bhonn gníomhach, agus borradh a chur faoina nuálaíocht;

27. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún nuashonruithe rialta chuig an gComhairle maidir le dul chun cinn na gcomhghuaillíochtaí agus IPCEInna a éascú; agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, mar a iarradh sna conclúidí ón gComhairle Eorpach, spleáchais straitéiseacha a shainaithint agus bearta a mholadh chun iad a laghdú;

28. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún páirt a ghlacadh in idirphlé cuiditheach agus sa chomhordú leis na geallsealbhóirí ábhartha uile chun a áirithiú go dtabharfaí tacaíocht d'fheidhmiú iomlán an mhargaidh aonair agus go rachfar ar aghaidh i dtreo spriocanna beartais an Aontais a bhuí le caighdeáin chomhchuibhithe, go háirithe i réimsí a bhfuil teicneolaíochtaí nuálacha riachtanach dóibh agus i réimsí a bhfuil tábhacht straitéiseach leo;

29. Maidir le hobair an Fhóraim Thionsclaíoch, CUIREANN SÍ i dTREIS go n-áirítear léi ní hamháin anailís ar éiceachórais thionsclaíocha agus ar shlabhraí luacha ach go n-áirítear léi freisin athbhreithniú rialta ar thionscnaimh atá ann cheana, iad a fhorbairt a thuilleadh, dlús a chur leo agus iad a chomhordú agus cur leis an méid a foghlaimíodh agus le dea-chleachtais a bhaineann le hobair an Fhóraim Straitéisigh do IPCEI; IS DÍOL SÁSAIMH DI go gcuimsítear na Ballstáit agus na geallsealbhóirí uile i mbunú agus in obair an Fhóraim Thionsclaíoch, lena n-áirítear FBManna; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuairisc a thabhairt don Chomhairle Iomaíochais maidir leis an dul chun cinn atá déanta aige;

30. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún a Straitéis Tionsclaíoch Nua a nuashonrú; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé go gcuirfí an Straitéis Eorpach maidir le tionsclaíocht atá ann cheana chun feidhme agus go dtíolacfaí an leagan nuashonraithe go pras i bhfianaise a athraithí atá an timpeallacht dhomhanda iomaíochta agus i bhfianaise na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-ullmhú ar bhonn leanúnach ag na Ballstáit, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tús áite a thabhairt do thionscnaimh lena gcuirtear borradh faoin ngeilleagar glas ciorclach, faoin aistriú digiteach agus faoi éagsúlú slabhraí luacha agus soláthair Eorpacha agus dlús a chur leo; CUIREANN SÍ i dTREIS gur cheart, leis an an Straitéis Eorpach maidir le tionsclaíocht, go ndíreofaí níos mó ar an téarnamh ó ghéarchéim COVID-19 agus ar athléimneacht, iomaíochas domhanda agus uathriail straitéiseach a neartú i ngeilleagar oscailte agus an nasc idir na héiceachórais thionsclaíocha agus an Clár Oibre Nua Scileanna don Eoraip agus an Comhshocrú do Scileanna a choimeád; CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR gur gá don Choimisiún, do na Ballstáit, do na réigiúin agus do na geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear FBManna, gníomhaíochtaí comhpháirteacha saincheaptha a dhéanamh ar gach leibhéal; agus dá bhrí sin IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an leagan nuashonraithe den Straitéis Thionsclaíoch nua don Eoraip a thíolacadh roimh an gcruinniú den Chomhairle Eorpach i mí an Mhárta 2021, lena n-áirítear tionscnaimh agus tograí nithiúla;

31. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún príomhtháscairí feidhmíochta a shainiú chun faireachán a dhéanamh ar an Straitéis Eorpach maidir le tionsclaíocht agus ar iomaíochas faoi dheireadh mhí an Mhárta 2021, ag tógáil mar shampla ar na táscairí atá ann cheana sa 'Chreat táscaire maidir leis an iomaíochas tionsclaíoch'[14], lena n-áirítear treochtaí infheistíochta a chur san áireamh agus comparáid a dhéanamh idir na treochtaí sin agus treochtaí i réigiúin eile an domhain; IARRANN SÍ go ndéanfaí tuairisciú rialta ar na príomhtháscairí feidhmíochta i bhfoirm tuarascáil ghearr i scríbhinn agus ráiteas le haghaidh plé sa Chomhairle Iomaíochais; IARRANN SÍ freisin go léireofaí cuspóirí bheartas tionsclaíoch an Aontais i dtáscairí fónta, go háirithe maidir le hiomaíochas tionsclaíoch, leis an méid a rannchuidíonn an tionscal leis an aistriú glas agus digiteach agus le hathléimneacht agus neamhspleáchas straitéiseach an Aontais agus geilleagar oscailte á chosaint ag an am céanna; agus

32. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit oibriú i ndlúthchomhar le chéile agus gníomhaíochtaí nithiúla a dhéanamh maidir le níos mó comhar Eorpach a chothú ar fud na n-éiceachóras tionsclaíoch chun slabhraí luacha a nascadh ar bhealach níos fearr agus chun sineirgí a thógáil leis na hinfheistíochtaí faoi na pleananna téarnaimh agus athléimneachta; CUIREANN SÍ i dTREIS an ról straitéiseach cothrománach atá ag an gComhairle Iomaíochais an obair sin a chomhordú, faireachán a dhéanamh uirthi agus í a chur in iúl ar bhonn rialta agus plé a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo tionscal a bheidh níos dinimiciúla, níos athléimní agus níos iomaíche, mar ullmhúchán don phlé a dhéanfar amach anseo ag an gComhairle Eorpach.

---

[14] 11244/18